Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Treoir do Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)

IONAD NA DTEANGACHA
Language Centre

teg
teastaseorpach na gaeilge

OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD
Nuí Maynooth

Treoir do Scrúdú B2 (Meánleibhéal 2)

- Tá ceithre rannóg ar fad sa scrúdú seo agus léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna sa scrúdú:

Scrúdú B2 (Meánleibhéal 2)	
• Labhairt	25%
• Cluastuiscint	25%
• Léamhthuiscint	25%
• Scríbhneoireacht	25%

- Níl cead ag na hiarrthóirí aon fhoclóir a bheith acu le linn aon chuid den scrúdú.
- Cuirfear oiliúint chuimsitheach ar na scrúdaitheoirí a bheidh i mbun riar agus cheartú na scrúduithe seo. Chomh maith leis sin, cuirfear ar an eolas iad maidir leis an chóras marcála atá leagtha amach do gach rannóg.
- Seo a leanas an grádú a dhéanfar ar na marcanna sa dá scrúdú:

50 – 64%	Pas
65 – 79%	Pas le tuillteanas (*Merit*)
80– 100%	Pas le gradam (*Distinction*)

- Cuirfear an marc iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir ar fáil, mar aon le briseadh síos ar na marcanna a ghnóthaigh an t-iarrthóir sna rannóga éagsúla.
- Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh múinteoirí na hiarrthóirí ar an eolas faoi leagan amach an scrúdaithe agus na cineálacha ceisteanna a bhíonn i ngach rannóg den scrúdú. Féach an méid atá thíos agus na scrúduithe samplacha atá ann don leibhéal seo.

An Scrúdú Cluastuisceana B2

- Tá 25% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cluastuisceana.
- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 35 nóiméad.
- Beidh na trí mhórchanúint in úsáid, ach ní bhainfear úsáid as cainteoirí a bhfuil blas réigiúnach an-láidir ar a gcuid cainte.
- Beidh 5 nóiméad ag na hiarrthóirí leis na treoracha agus na ceisteanna a léamh sula dtosóidh an taifeadadh.
- Cloisfear gach téacs ***ach an téacs do Cheist 4*** faoi dhó. Ní chloisfear an téacs do Cheist 4 ach ***uair amháin***.
- Beidh sos ama idir gach casadh agus beidh am breise idir gach ceist.
- Ní gá abairtí iomlána a scríobh.
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa, ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as litriú mícheart nó gramadach mhíchruinn, chomh fada agus atá an méid atá scríofa intuigthe.
- Cloisfidh na hiarrthóirí leaganacha cainte agus caint iomarcach (*redundancies*) nach gclúdaítear i siollabas B2, ach ba chóir go mbeidís in ann na straitéisí cuí a úsáid chun brí na dtéacsanna a thuiscint.
- Chun ullmhú don chuid seo den scrúdú, ba cheart go gcuirfí réimse leathan de

chineálacha téacsanna cluastuisceana agus de thascanna i láthair na bhfoghlaimeoirí sa seomra ranga. Féach Siollabas Meánleibhéal 2 (B2).
- Moltar do na hiarrthóirí aire a thabhairt don lámhscríbhneoireacht.
- Tá 4 cheist sa rannóg cluastuisceana agus tá 12 marc ag dul do gach ceist acu sin.
- Bainfear úsáid as meascán de chineálacha éagsúla ceisteanna. Mar shampla, ceisteanna ilroghnacha, fíor, bréagach, ní deirtear, freagraí gearra agus abairtí le críochnú.

Ceist 1
- Cloisfidh na hiarrthóirí **3 mhír nuachta**. Beidh meascán de mhíreanna náisiúnta agus de mhíreanna idirnáisiúnta nuachta i gceist leis na míreanna seo.
- Beidh ar na hiarrthóirí ceist amháin nó dhá cheist a bhaineann le gach ceann de na míreanna nuachta a fhreagairt.
- Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun éirim, eolas agus mionsonraí ábhartha a aimsiú sna míreanna nuachta.

Ceist 2
- Cloisfidh na hiarrthóirí **6 mhír** éagsúla. Beidh meascán de na foirmeacha seo a leanas agus foirmeacha eile i gceist; comhráite, míreanna ó chláir raidió, teachtaireachtaí ar ghléas freagartha agus fógraí i gceist leis na míreanna seo.
- Beidh ar na hiarrthóirí ceist amháin nó dhá cheist a bhaineann le gach ceann de na míreanna a fhreagairt.
- Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun éirim, príomhphointí nó eolas ar leith a aimsiú sna míreanna. Beidh orthu tuairimí agus dearcadh a aithint chomh maith.

Ceist 3
- Cloisfidh na hiarrthóirí mír as agallamh, comhrá nó díospóireacht a mhaireann timpeall 3 nóiméad.
- Beidh ar na hiarrthóirí 6 cheist a fhreagairt ar an mhír seo.
- Beidh ar na hiarrthóirí éisteacht chun eolas nó mionsonraí faoi leith a aimsiú agus chun dearcadh agus tuairimí na gcainteoirí a aithint.

Ceist 4
- Cloisfidh na hiarrthóirí monalóg a mhairfidh idir dhá nóiméad agus dhá nóiméad go leith. B'fhéidir gur píosa cainte a bheadh i gceist nó duine ag tabhairt treoracha, ag déanamh cur i láthair, ag tabhairt léachta, ag déanamh cur síos ar imeachtaí nó ar thuras agus araile.
- Beidh ar na hiarrthóirí 6 abairt a chuireann síos ar phríomhphointí an téacs a léamh agus beidh orthu a léiriú gur thuig siad an píosa trí na bearnaí i ngach abairt a líonadh.
- Tá an tasc seo dírithe ar eolas faoi leith a aimsiú sa mhír éisteachta, chomh maith leis na tuairimí a luaitear inti a aithint.
- Ba cheart go mbeadh an méid a scríobhann na hiarrthóirí sna bearnaí ag teacht leis an abairt iomlán ó thaobh struchtúir agus gramadaí agus céille de.

An Scrúdú Léamhthuisceana B2

- Tá 25% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Léamhthuisceana.
- Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge dhá uair agus ceathrú.
- Nuair a bhíonn gá le freagraí scríofa ní mór d'fhreagraí na n-iarrthóirí bheith i nGaeilge. Ní chaillfear marcanna as litriú mícheart, fad is atá an méid atá scríofa intuigthe.
- Ag an leibhéal seo beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí in ann úsáid a bhaint as straitéisí cuí le brí focal agus abairtí a thomhas. Mar shampla, beidh orthu úsáid a bhaint as comhthéacs, féachaint ar an mhéid a tháinig roimh an fhocal nach dtuigeann siad agus ina dhiaidh agus araile.
- Chun ullmhú don chuid seo den scrúdú ba cheart go gcuirfí réimse leathan de chineálacha téacsanna agus de thascanna i láthair na bhfoghlaimeoirí sa seomra ranga. Féach Siollabas Meánleibhéal 2 (B2).
- Moltar do na hiarrthóirí aire a thabhairt don lámhscríbhneoireacht.
- Tá 3 cheist sa rannóg léamhthuisceana.

Ceist 1
- Beidh an cheist seo bunaithe ar alt fíorasach nó tuairimíochta as nuachtán nó iris, nó ar shliocht as dialann, leabhar agus araile.
- Caithfidh na hiarrthóirí an abairt is fearr a dhéanann cur síos ar ábhar gach paragraif a roghnú ó liosta de 8 gcinn. Beidh dhá abairt ina measc nach mbeidh oiriúnach do aon cheann de na paragraif.
- Déanann an cheist seo tástáil ar chumas na n-iarrthóirí príomhphointí a aithint i dtéacs, ag leibhéal paragraif.
- Tá 12 marc ar fad ag dul don cheist seo.

Ceist 2
- Beidh an cheist seo bunaithe ar shliocht as leabhar, as litir, as alt, as leathanach lín nó as bróisiúr.
- Déanann an cheist seo tástáil ar mhiontuiscint na n-iarrthóirí ar an téacs, lena n-áirítear na tuairimí agus an dearcadh a chuirtear in iúl ann. Uaireanta beidh ceisteanna ginearálta faoin alt féin agus faoi fhocail agus frásaí faoi leith san alt.
- Bainfear úsáid as ceisteanna ilroghnacha den chuid is mó, ach baintear úsáid as cineálacha eile ceisteanna anois is arís.
- Beidh 7 gceist ar fad le freagairt.
- Tá 14 marc ar fad ag dul don cheist seo.

Ceist 3
- Beidh an cheist seo bunaithe ar alt, ar agallamh, ar phíosa as leabhar nó dialann, alt tuairimíochta, ar agallamh nuachtáin nó irise nó a leithéid.
- Déanann an cheist seo tástáil ar thuiscint na n-iarrthóirí maidir le struchtúir téacsanna agus ar a gcumas chun forbairt an téacs a leanúint.
- Beidh ar na hiarrthóirí 7 mbearna sa téacs a líonadh trí an abairt cheart a roghnú as naoi n-abairt.
- Beidh 7 mbearna ar fad le líonadh.
- Tá 14 marc ar fad ag dul don cheist seo.

Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge

- Tá 25% de mharcanna iomlána an scrúdaithe ag dul don rannóg seo.
- Mairfidh an Scrúdú Léamhthuisceana agus an Scrúdú Scríbhneoireachta agus Úsáid na Gaeilge dhá uair agus ceathrú.
- Chun ullmhú don chuid seo den scrúdú, ba cheart go dtabharfaí an deis d'fhoghlaimeoirí réimse leathan de thascanna scríbhneoireachta a dhéanamh ar bhonn rialta.
- Moltar do na hiarrthóirí cúram faoi leith a dhéanamh de chaighdeán na lámhscríbhneoireachta.
- Tá trí thasc ar fad sa rannóg seo agus caithfidh na hiarrthóirí tabhairt faoi **gach tasc**.
- Tá gach ceann de na tascanna ar cómharc.

Tasc 1

- Beidh ar na hiarrthóirí litir, nóta, teachtaireacht, teachtaireacht ríomhphoist a léamh agus ceisteanna a chuirtear ann nó eolas a lorgaítear a thabhairt san fhreagra a scríobhann siad.
- Cuirfear pointí treorach ar fáil do na hiarrthóirí agus caithfidh siad na pointí go léir a chlúdach sna freagraí a scríobhann siad.
- Ba cheart do na hiarrthóirí a réimse cumais sa teanga a léiriú. Ní leor liosta ceisteanna nó sraith ráiteas. Ba cheart go mbeidís in ann forbairt a dhéanamh ar na heochairfhocail sa tasc gan píosaí fada a thógáil ón bhuntéacs.
- Ba cheart do na hiarrthóirí timpeall **focal 160-180** a scríobh don tasc seo.
- Gearrfar pionós ar iarrthóirí as ábhair nach mbaineann leis an tasc a sholáthar.
- Déanfar measúnú ar na rudaí seo a leanas: ábhar, cruinneas, réimse foclóra agus struchtúr agus leagan amach.

Tasc 2

- Beidh ar na hiarrthóirí litir, léirmheas, cur síos, scéal, alt nó aiste a scríobh.
- Níl eolas faoi leith ná saineolas faoin ábhar ag teastáil.
- Ba cheart do na hiarrthóirí timpeall **focal 160-180** a scríobh ar na leathanaigh sa leabhrán.
- Gearrfar pionós ar iarrthóirí as ábhar nach mbaineann leis an tasc a scríobh.
- Cuirfear eolas ar fáil faoi chuspóir an téacs agus tabharfar leid faoin lucht léitheoireachta ar a bhfuil sé dírithe.
- Déanfar measúnú ar na rudaí seo a leanas: leagan amach, ábhar, cruinneas agus réimse foclóra agus struchtúr. Ní chuirfear mórán treoracha nó leideanna ar fáil chun na hiarrthóirí a threorú leis an tasc seo a chur i gcrích. Mar sin tá tábhacht faoi leith le leagan amach an ábhair sa tasc seo.

Tasc 3

- Beidh eagarthóireacht le déanamh ag na hiarrthóirí ar shliocht nó dhó.
- Beidh orthu **15 botún** ar fad a aimsiú agus a cheartú.
- Baineann na botúin le gramadach agus litriú na Gaeilge.
- Ba cheart do na hiarrthóirí uimhir na líne a scríobh, an focal/na focail atá mícheart, agus ansin an leagan ceartaithe. Mar shampla:

  Líne 21:… níos **costasaigh** gach lá… níos **costasaí** gach lá

- Beidh níos mó ná botún amháin ar chuid de na línte.
- Bronnfar marcanna as gach botún a aimsiú agus níor cheart do na hiarrthóirí níos mó ná 15 ceartúchán a dhéanamh. Caillfidh siad marcanna má aimsíonn siad botúin nach botúin iad in aon chor.
- Caithfidh na ceartúcháin a chuireann na hiarrthóirí ar fáil a bheith iomlán ceart ó thaobh na gramadaí agus ó thaobh an litrithe.